Cúlra Martin McGuinness

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc speisialta faoi chúlra Martin McGuinness. Sula bhféachann tú ar an mír, pléigh féin agus an duine in aice leat a bhfuil ar eolas agaibh faoin bpolaiteoir cáiliúil sin.

Ceist 2 Cén Ghaeilge atá ar na focail agus ar na frásaí seo thíos? Cloisfidh tú sa mhír iad ar ball.

- *when he was convicted*
- *paramilitary act*
- *British Intelligence*
- *hunger strikes*
- *intermediary, go-between*
- *Good Friday Agreement*
- *Stormont Assembly*
- *renewable energy*
- *the paramilitary element*
- *serious allegations*
- *a long, difficult road*

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat.

Ceist 3 Féach ar an tuairisc den dara huair.

A. Breac síos an t-eolas a chloiseann tú in aice leis na blianta seo:

21 bliain d'aois	
1973	
1972	
na hochtóidí	
na nóchaidí	
2007	

2012	
2017	
2011	

B. Scríobh achoimre ghearr ar chúlra Martin McGuinness. Pléigh an méid a scríobh tú leis an duine in aice leat ansin.

Ceist 4 '…bhí sé…' agus '…bhíodh sé…'

A. Cad é an difríocht idir an dá leagan thuas?

B. Bain úsáid as na briathra thíos chun deirí na haimsire atá i gceist sa dara leagan thuas a léiriú.

Cum *Imigh* *Bris* *Beannaigh*

Ceist 5 '…ó thuaidh…'

Féach ar an sampla thíos agus ansin líon na bearnaí sna frásaí eile.

An tuaisceart
- ag dul ó thuaidh
- ag teacht aduaidh

An deisceart
- ag dul _____
- ag teacht _____

An t-iarthar
- ag dul _____
- ag teacht _____

An t-oirthear
- ag dul _____
- ag teacht _____

Ceist 6 '…beirt cheannairí…'

1. Cén fáth a bhfuil séimhiú ar 'ceannairí' sa sampla thuas?
2. Bain úsáid as na hainmfhocail seo chun na rialacha a bhaineann leis na huimhreacha pearsanta a léiriú:

fear *bean* *tógálaí* *ceoltóir*

Ceist 7 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat.

1. Cad a cheapann tú féin faoi ról McGuinness i bpolaitíocht na hÉireann?
2. An mbeidh Éire Aontaithe againn go deo, dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Plé atá i gceist leis an intreoir seo.

Ceist 2
- *when he was convicted* – nuair a ciontaíodh é
- *paramilitary act* – gníomh paraimíleata
- *British Intelligence* – Faisnéis na Breataine
- *hunger strikes* – stailceanna ocrais
- *intermediary, go-between* – idirghabhálaí
- *Good Friday Agreement* – Comhaontú Aoine an Chéasta
- *Stormont Assembly* – Comhthionól (Tionól) Stormont
- *renewable energy* – fuinneamh in-athnuaite
- *the paramilitary element* – gné an pharaimíleataigh
- *serious allegations* – líomhaintí tromchúiseacha
- *a long, difficult road* – bóthar fada, anróiteach

Ceist 3
Féach an script.

Ceist 4
A. *Bhí sé* – an aimsir chaite / *Bhíodh sé* – an aimsir ghnáthchaite
B.

Cum	*Imigh*	*Bris*	*Beannaigh*
chumainn	d'imínn	bhrisinn	bheannaínn
chumtá	d'imíteá	bhristeá	bheannaíteá
chumadh sé	d'imíodh sé	bhriseadh sé	bheannaíodh sé
chumadh sí	d'imíodh sí	bhriseadh sí	bheannaíodh sí
chumaimis	d'imímis	bhrisimis	bheannaímis
chumadh sibh	d'imíodh sibh	bhriseadh sibh	bheannaíodh sibh
chumaidís	d'imídís	bhrisidís	bheannaídís
Sb.	Sb.	Sb.	Sb.
chumtaí	d'imítí	bhristí	bheannaítí

Ceist 5
An deisceart
- ag dul *ó dheas*
- ag teacht *aneas*

An t-iarthar
- ag dul *siar*
- ag teacht *aniar*

An t-oirthear
- ag dul *soir*
- ag teacht *anoir*

Ceist 6

1. Séimhítear consain (seachas **d**, **s** agus **t**) i ndiaidh ‘beirt’.
2.

		fear	**bean**	**tógálaí**	**ceoltóir**
1	duine/aon duine amháin	fear/aon fhear amháin	bean/aon bhean amháin	tógálaí/aon tógálaí amháin	ceoltóir/aon cheoltóir amháin
2	beirt	fhear	bhan	tógálaithe	cheoltóirí
3	triúr	fear	ban	tógálaithe	ceoltóirí
4	ceathrar	fear	ban	tógálaithe	ceoltóirí
5	cúigear	fear	ban	tógálaithe	ceoltóirí
6	seisear	fear	ban	tógálaithe	ceoltóirí
7	seachtar	fear	ban	tógálaithe	ceoltóirí
8	ochtar	fear	ban	tógálaithe	ceoltóirí
9	naonúr	fear	ban	tógálaithe	ceoltóirí
10	deichniúr	fear	ban	tógálaithe	ceoltóirí

Ceist 7

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Séamus Ó Scanláin
Ba i gceantar Caitliceach Thaobh an Bhogaigh i gCathair Dhoire a rugadh agus a tógadh Martin McGuinness. Bhí an áit trí lasadh faoi thús na dtrioblóidí, Martin McGuinness féin go hard i gceannasaíocht an IRA, gan é ach bliain is fiche. I 1973, gearradh sé mhí príosúnachta air nuair a ciontaíodh é i ngníomh paraimíleata, ach bhí tréithe an pholaiteora á léiriú freisin go láidir ag McGuinness agus é ina bhall de Shinn Féin.

Bhí sé i mbun idirbheartaíochta le Státrúnaí na linne ó thuaidh, William Whitelaw, i 1972. Bhíodh teagmháil indíreach aige freisin, deirtear, le Faisnéis na Breataine, go háirithe le linn na stailceanna ocrais ag tús na n-ochtóidí.

Agus ar ndóigh, ba é Martin McGuinness príomh-idirghabhálaí Shinn Féin ag na cainteanna síochána sna nóchaidí, as ar eascair Comhaontú Aoine an Chéasta. Faoin tráth seo freisin, bhí Martin McGuinness ina Fheisire Parlaiminte do Lár-Ulaidh agus toghadh é chuig Westminster trí huaire eile ina dhiaidh sin.

I gComhthionól Stormont, ba é Martin McGuinness an chéad Aire Oideachais. Agus in 2007, tháinig Sinn Féin agus an DUP i gcumhacht sa gcomhthionól, rud a d'fhág McGuinness mar LeasChéad-Aire agus a shean-namhaid Ian Paisley i gceannas, iad beirt ag obair go toilteanach as láimh a chéile.

Léirigh sé a mheas, freisin, ar an traidisiún aontachtach nuair a chroith sé a lámh leis an mBanríon Eilís i Stormont in 2012.

D'oibrigh McGuinness le beirt cheannairí eile ón DUP i gComhthionól Stormont. Ba mhinc an teannas le brath idir é féin agus Peter Robinson. Agus ar ndóigh, ba í an chonspóid le hArlene Foster maidir le scéim fuinnimh in-athnuaite a thug ar McGuinness éirí as a chúraimí mar LeasChéad-Aire. D'fhógair sé ina dhiaidh sin nach mbeadh sé ag seasamh i dtoghchán don Chomhthionól do 2017 ar chúinsí sláinte.

Níor éirigh le Martin McGuinness mar iarrthóir do thoghchán na huachtaránachta anseo in 2011, cé gur éirigh leis breis is 13% de na vótaí céad rogha a bhaint amach. Bíodh is gur mhór a thionchar ar an bpróiseas síochána ó thuaidh, beidh daoine áirithe i gcónaí amhrasach faoi ghné an pharaimíleataigh de shaol McGuinness.

Shéan sé féin líomhaintí tromchúiseacha ina leith seo go láidir. Ach ní shéanfar gur fear é Martin McGuinness a shiúil bóthar fada anróiteach le polaiteoirí eile chun Tuaisceart Éireann a scaoileadh ó ghreim docht na dtrioblóidí, a mhair deich mbliana fichead.

Séamus Ó Scanláin, Nuacht TG4.